



History Teachers' Association of Ireland *Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann*

Bunreacht

1	Ainm	3	Struchtúr
	Is é ainm an Chumainn The History Teachers' Association of Ireland nó <i>Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann</i> .	3.1	Is eagraíocht dheonach náisiúnta é CMSE a bhfuil líonra brainsí aige.
		3.2	Tá ceithre oifigeach ag an gCumann: an tUachtarán, an Leasuachtarán, an Rúnaí Náisiúnta agus an Cisteoir Náisiúnta agus toghann na baill iad ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil na mball.
		3.3	Tá Lárchoiste Feidhmiúcháin ag an gCumann agus tá na hoifigigh thuas ar an gcoiste in éineacht le toscairí ó gach brainse.
2	Aidhmeanna	4	Ballraíocht
2.1	Chun ról na staire a chothú taobh istigh de chóras oideachais na hÉireann.	4.1	Daoine a bhfuil baint acu le múineadh na staire, is féidir leo bheith ina mball.
2.2	Chun cabhrú le riar comhairle praiticiúil agus taithí praiticiúil idir mhúinteoirí staire.	4.2	Daoine a íocann an síntiús bliantúil le cisteoir a mbrainse, is féidir leo bheith ina mbaill iomlána. Beidh siad i dteideal páirt iomlán a ghlacadh sa Chumann.
2.3	Chun múinteoirí staire a choimeád i dteagmháil le forbairtí nua i dtaighde stairiúil agus le cuir chuige nua i múineadh na staire.		
2.4	Chun múineadh na staire a thacú agus a spreagadh trí mheán na Gaeilge.		
2.5	Chun naisc a bhunú le cumainn den chineál céanna thar lear.		

4.3 Seans go mbronnfar ballraíocht chomhlach saor in aisce ar chách atá ag staidéar le bheith ina múinteoirí staire agus ar bhaill den Chumann atá ar scor. Beidh siad i dteideal fógraí a fháil faoi chruinnithe ag a mbrainse áitiúil.

4.4 Seans go mbronnfaidh an Lárchoiste Feidhmiúcháin ballraíocht Onórach Saoil ar dhaoine a fheictear don choiste a chabhraigh go mór le múineadh na staire. Beidh cearta agus pribhléidí ballraíochta iomláine acu.

4.5 Ar mholadh ón Lárchoiste Feidhmiúcháin socróidh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil rátaí síntiúis agus beidh ar dhaoine an síntiús a íoc ar an gcéad lá de Mheán Fómhair gach bliain. Rachaidh ballraíocht iomlán daoine as feidhm má theipeann orthu síntiús reatha ball iomlán a íoc faoi 30ú Samhain den bhliain acadúil sin.

5 Cruinnithe Ginearálta

5.1 Is é bord bainistíochta an Chumainn an Cruinniú Ginearálta dá bhaill íochta. Beidh, ar a laghad, Cruinniú Ginearálta amháin ann gach bliain, agus tabharfar an Cruinniú Ginearálta Bliantúil air seo.

5.2 Is é an tUachtarán, nó mura bhfuil an tUachtarán i láthair, is ceann de na baill eile den Lárchoiste Feidhmiúcháin, i gcomhairle le baill eile den Lárchoiste Feidhmiúcháin, a ghairfidh an Cruinniú Bliantúil.

5.3 Toghfaidh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil an tUachtarán, an

Leasuachtarán, an Rúnaí Náisiúnta agus an Cisteoir Náisiúnta, a bheidh ina n-oifigigh den Chumann. Na daoine a sheasann i dtoghchán beidh orthu a n-ainm a chur faoi bhráid an Rúnaí Náisiúnta roimh an CGB.

5.4 Is féidir oifigigh a atoghadh ach ní féidir leis an Uachtarán ná leis an Leasuachtarán bheith i seilbh oifige ar feadh níos mó ná dhá bhliain as a chéile. Ní bheidh an Rúnaí Náisiúnta ná an Cisteoir Náisiúnta i seilbh oifige ar feadh níos mó ná seacht mbliana as a chéile.

5.5 Ar chlár oibre an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil beidh: aitheasc an Uachtaráin, tuairisc an Rúnaí Náisiúnta, tuairisc an Chisteora Náisiúnta, toghchán na ndaoine seo (an tUachtarán, an Leasuachtarán, an Rúnaí Náisiúnta, an Cisteoir Náisiúnta agus dhá iontaobhaí), agus aon ghnó eile.

5.6 Ag an gcruinniú, scaipfear cóip scríofa de thuairisc an Chisteora, agus beidh ráiteas cuntais istigh inti.

6 An Lárchoiste Feidhmiúcháin

6.1 Beidh Lárchoiste Feidhmiúcháin ag an gCumann ina mbeidh an tUachtarán, an Leasuachtarán, an Rúnaí Náisiúnta, an Cisteoir Náisiúnta, a thoghfear ag an gCruinniú Bliantúil Ginearálta, agus beidh dhá iontaobhaí ann ó gach brainse den Chumann. Toghfaidh brainsí iontaobhaí ionaid ainmnithe a fhreastalóidh ar chruinnithe murar féidir leis an iontaobhaí oifigiúil bheith i láthair.

6.2 Brainsí a bhfuil níos mó ná 50 ball acu, is féidir leo iontaobhaí amháin sa bhreis a bheith acu.

6.3 Is é an tUachtarán, nó mura bhfuil an tUachtarán i láthair, is ceann de na hoifigigh tofa eile den Lárchoiste Feidhmiúcháin, i gcomhairle lena bhaill eile, a ghairfidh an an Lárchoiste Feidhmiúcháin.

7 Feidhmeanna an Lárchoiste Feidhmiúcháin

7.1 Riarfaidh an LF gnó an Chumainn.

7.2 Cuirfidh an LF aidhmeanna agus polasaithe an Chumainn chun cinn, déanfaidh sé teagmháil agus rachaidh sé i gcomhairle le heagraíochtaí ábhartha ar a shon.

7.3 Reáchtálfaidh an LF ceann amháin nó níos mó cúrsaí inseirbhíse ar mhúineadh na staire gach bliain. Seans go n-iarrfaidh an Lárchoiste Feidhmiúcháin ar bhrairse áirithe a leithéid de chúrsa a rith.

7.4 Cuirfidh an LF brainsí nua ar bun agus comhcheanglóidh sé iad.

7.5 Ceapfaidh an LF daoine chun ionadaíocht a dhéanamh don Chumann ar choistí siollabais staire.

7.6 Ceapfaidh an LF daoine mar eagarthóirí ar a fhoilseacháin, mar stiúrthóir Gréasáin, mar OCP (Oifigeach Caidrimh Phoiblí) agus i róil eile a shocróidh an LF ó am go ham.

7.7 Má tá folúntais ann le linn téarma oifige oifigigh an Chumainn is féidir leis an LF iad a líonadh le

haghaidh an tréimhse den oifig atá fágtha.

8 Cruinnithe an Lárchoiste Feidhmiúcháin

8.1 Beidh cruinnithe ag an Lárchoiste Feidhmiúcháin faoi dhó, ar a laghad, sa bhliain agus trian de na baill is córam dóibh.

8.2 Ag an gcéad chruinniú, i ndiaidh an CGB, ceapfaidh an LF daoine sna róil atá luaite ag 7.5 agus 7.6 thuas. Freastalóidh na daoine seo ar an LF mar bhaill iomlána.

8.3 Idir cruinnithe an Lárchoiste Feidhmiúcháin is féidir leis na hoifigigh náisiúnta gnó an Chumainn a riar, i gcomhairle lena chéile. Chun daingniú a dhéanamh ar na cinntí seo uile caithfear iad a chur faoi bhráid an Lárchoiste Feidhmiúcháin ag an gcéad chruinniú eile den Lárchoiste Feidhmiúcháin.

9 Airgead an Lárchoiste Feidhmiúcháin

9.1 Gach bliain íocfaidh gach brainse na rudaí seo leis an Lárchoiste Feidhmiúcháin: síntiús chuig an irisleabhar agus 15% den fhuílleach den ghnáthshíntiús chun gníomhaíocht an Lárchoiste Feidhmiúcháin a mhaoiniú.

9.2 Is féidir go n-íocfar liúntas ón gciste lárnach leis an Uachtarán, an Leasuachtarán, an Cisteoir Náisiúnta, agus an Rúnaí Náisiúnta, maidir le costais aontaithe a tabhaíodh agus iad ag freastail ar chruinnithe an Lárchoiste Feidhmiúcháin.

- 9.3 Is féidir go n-íocfaidh an Lárchoiste Feidhmiúcháin costais aontaithe leis na baill sin a cheaptar chun dualgais áirithe a dhéanamh ar a shon freisin.
- 9.4 In idirbhearta a bhaineann leis an Lárchoiste Feidhmiúcháin, is iad an Cisteoir Náisiúnta agus an tUachtarán, nó an Cisteoir Náisiúnta agus an Rúnaí Náisiúnta a shínfidh na seiceanna.

10 Iontaobhaithe an Chumainn

- 10.1 Ag an gCruinniú Bliantúil Ginearálta toghfar dhá iontaobhaí, nach mbeidh aon oifig acu ag leibhéal áitiúil nó náisiúnta, nó nach mbeidh ina mbaill den LF.
- 10.2 Beidh cruinniú ag na hiontaobhaithe leis an gCisteoir Náisiúnta roimh an CGB agus cinnteoidh siad go mbeidh riarachán ceart agus iniúchóireacht cheart ar chiste an Chumainn. Tabharfaidh siad tuairisc don LF má fheictear dóibh go bhfuil cúis inní ann.
- 10.3 In éineacht leis an gCisteoir Náisiúnta, déanfaidh na hiontaobhaithe athbhreithniú ar ráitis airgeadais na mbrainsí éagsúla.
- 10.4 Tabharfaidh na hiontaobhaithe tuairisc don LF nuair is cúis inní iad na rudaí atá sa ráiteas airgeadais, nó, nuair nach bhfuarthas ráiteas airgeadais ó bhrairse ar feadh 12 mhí.

11 An Rúnaí Náisiúnta

- 11.1 Beidh ar an Rúnaí Náisiúnta teagmháil a choimeád le Brainsí an Chumainn.

- 11.2 Coimeádfaidh an Rúnaí Náisiúnta liosta d'oifigigh na gcoistí sna brainsí, scríobhfaidh an Rúnaí miontuairiscí chruinnithe an Lárchoiste Feidhmiúcháin, cuirfidh an Rúnaí in iúl do bhaill an Lárchoiste Feidhmiúcháin faoi chruinnithe, agus déileálfaidh an Rúnaí le comhfhreagras uile an Feidhmiúcháin.

- 11.3 Tabharfaidh an Rúnaí Náisiúnta tuairisc don Chruinniú Ginearálta gach bliain.

12 An Cisteoir Náisiúnta

- 12.1 Beidh ar an gCisteoir Náisiúnta cistí an Lárchoiste Feidhmiúcháin a fháil agus a íoc amach agus chun tuairisc bhliantúil airgeadais a thabhairt ag an gCruinniú Ginearálta.
- 12.2 Iarrfaidh an Cisteoir Náisiúnta ar Chisteoirí na mbrainsí ráiteas bliantúil airgeadais a chur chuige ionas gur féidir leis na hiontaobhaithe athbhreithniú a dhéanamh orthu.

13 Foilseacháin

- 13.1 Trína fhoilseacháin, cruthóidh an Cumann fóram chun smaointe agus taithí a mhalartú faoi réimse leathan gnéithe de mhúineadh na staire.
- 13.2 I measc na bhfoilseachán beidh irisleabhar bliantúil, Stair, nuachtlitir leathbhliantúil agus suíomh Gréasáin a ndéantar uasdátú air go rialta.
- 13.3 Tabharfaidh eagarthóirí na bhfoilseachán tuairisc don LF go rialta, agus coinneoidh an LF

stiúir ar threo iomlán an ábhair agus ar fhorbairt na bhfoilseachán.

14 Taifid

- 14.1 Nuair a éireoidh oifigigh as, tabharfaidh siad na doiciméid uile dá gcomharbaí.

15 Brainsí an Chumainn

- 15.1 Deich ngnáthbhall chreidiúnacha a bhfuil ceadú an Lárchoiste Fheidhmiúcháin acu, is féidir leo brainse áitiúil a bhunú. Is é seo an t-ainm a bheidh ar na brainsí “History Teachers’ Association of Ireland (Local Name) Branch”: Cumann Múinteoirí Staire na hÉireann Craobh (Ainm Áitiúil).
- 15.2 Beidh brainsí faoi cheangal ag cinnní polasaithe a ghlactar ag Cruinniú Ginearálta an Chumainn, agus beidh siad faoi réir an chiall a bhaineann an Lárchoiste Feidhmiúcháin as na cinnní seo.
- 15.3 Beidh brainsí in ann gníomhaíochtaí a eagrú, leo féin nó i bpáirtíocht le brainsí comharsanacha eile.
- 15.4 Beidh Cruinniú Bliantúil Ginearálta ag gach brainse agus toghfaidh baill íoctha Coiste Brainse agus gheobhaidh siad tuairisc faoi ghníomhaíochtaí an bhrainse agus faoina airgeadas ón gcoiste atá ag imeacht.
- 15.5 I gcoiste an bhrainse ní bheidh níos lú ná 4 ghnáthbhall ná níos mó ná 9 ngnáthbhall ann, agus toghfar iad ag an gCruinniú Bliantúil Ginearálta. Beidh

oifigigh náisiúnta an Chumainn ina mbail de bhrí oifige ar choistí a mbrainse.

- 15.6 Ag an gcéad chruinniú i ndiaidh an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil, toghfaidh Coiste an Bhrainse, óna mballraíocht, Cathaoirleach, leasathaoirleach, Rúnaí Brainse, Rúnaí Ballraíochta agus Cisteoir.
- 15.7 Toghfaidh Coiste an Bhrainse toscairí le haghaidh an Lárchoiste Fheidhmiúcháin freisin, agus is féidir leo aon cheann de na hoifigí thuas a bheith acu ag an am céanna, ach ní féidir leo bheith ina n-iontaobhaí den Chumann. Toghfaidh an Coiste toscaire ionadaíoch ainmnithe eile, agus is féidir leis an duine sin freastail ar chruinnithe an LF murar féidir le haon cheann de na toscairí oifigiúla bheith i láthair.
- 15.8 Ní bheidh an oifig chéanna ag an gCathaoirleach ná ag an Leasathaoirleach le haghaidh níos mó ná dhá bhliain as a chéile.
- 15.9 Riarfaidh Coiste an Bhrainse gníomhaíochtaí agus cistí an bhrainse, ach beidh siad faoi réir stiúir an Chruinnithe Bliantúil Ghinearálta agus an Lárchoiste Fheidhmiúcháin.
- 15.10 Beidh ceithre chruinniú, ar a laghad, ag Coiste an Bhrainse gach bliain.
- 15.11 Is féidir cistí an bhrainse a úsáid chun liúntais a íoc le toscairí le haghaidh costais aontaithe a bhaineann le freastal ar chruinnithe Lárchoiste Fheidhmiúcháin.
- 15.12 Má tharlaíonn sé go mbeidh deireadh le brainse, beidh ar na baill atá ag dul as oifig na cistí

uile agus na taifid uile a thabhairt don Lárchoiste Feidhmiúcháin.

16 Dualgais Oifigigh an Bhrainse

- 16.1 Is é an Cathaoirleach nó, má tá an Cathaoirleach as láthair, is ceann d'oifigigh eile choiste an bhrainse, i gcomhairle le baill eile an choiste, a ghairfidh cruinnithe an bhrainse agus an choiste.
- 16.2 Coimeádfaidh Rúnaí an Bhrainse liosta d'oifigigh na gcoistí sna brainsí. Cuirfidh Rúnaí an Bhrainse in iúl do bhaill faoi chruinnithe agus faoi ghníomhaíochta. Déileálfaidh Rúnaí an Bhrainse le comhfhreagras uile an Bhrainse.
- 16.3 Taobh istigh de 14 lá dá toghchán cuirfidh Rúnaí an Bhrainse in iúl don Rúnaí Náisiúnta ainmneacha agus sonraí teagmhála oifigigh an bhrainse, toscairí an LF agus an toscaire ionadaíoch.
- 16.4 Gheobhaidh Cisteoir an Bhrainse cistí an Bhrainse agus íocfaidh sé/sí amach iad agus cuirfidh sé/sí tuairisc airgeadais an bhrainse i láthair ag an gCruinniú Bliantúil Ginearálta. Cuirfidh sé/sí an ráiteas cuntais seo chuig an Rúnaí Náisiúnta taobh istigh den 14 lá den CBG ionas go mbeidh na hiontaobhaithe in ann athbhreithniú a dhéanamh air.
- 16.5 Tráth nach déanaí ná an chéad lá de Bhealtaine i mbliain reatha na ballraíochta cuirfidh Cisteoir an Bhrainse síntiús le haghaidh irisleabhar an Chumainn agus 15% den fhuílleach den ghnáthshíntiús le haghaidh gach ball den bhrainse chuig an Rúnaí Náisiúnta.

- 16.6 In idirbhearta a bhaineann le cistí an Bhrainse, is iad Cisteoir an Bhrainse agus Cathaoirleach an Bhrainse, nó Cisteoir an Bhrainse agus Rúnaí an Bhrainse a shínfidh na seiceanna.

17 An Bunreacht

- 17.1 Cuirfear moltaí le haghaidh leasuithe ar Bhunreacht an Chumainn chuig Lárchoiste Feidhmiúcháin an Chumainn, trí Choistí na mBrainsí, tráth nach déanaí ná 8 seachtaine roimh Cruinniú Ginearálta an Chumainn. Beidh cumhacht ag an Lárchoiste Feidhmiúcháin fochoiste a chur ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mBunreacht ó am go ham.
- 17.2 Ag éirí as a leithéid de mholtaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mBunreacht nó chun an Bhunreacht a leasú, beidh cumhacht ag an gCruinniú Bliantúil Ginearálta amháin chun Bunreacht an Chumainn a athrú. Na daoine atá i láthair agus atá ag vótáil is iad sin na daoine a dhéanfaidh a leithéid de chinntí, agus beidh ar thromlach dhá thrian díobh a bheith i bhfabhar na gcinntí.